BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

18 Nollaig 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Margadh inmheánach leictreachais – Rialachán (AE) 2022/1854 – Idirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh – Airteagal 2(5) agus (9) – Airteagail 6 go 8 – Caidhp ar ioncam margaidh a fhaigheann táirgeoirí leictreachais a úsáideann foinsí fuinnimh áirithe – 'Ioncam margaidh' a chinneadh – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear d'úsáid toimhdí atá neamh-infhrisnéise nó infhrisnéise trí thoimhdí eile – Prionsabal na comhréireachta – Airteagal 22(2)(c) – Tréimhse chur i bhfeidhm Airteagail 6 go 8 den Rialachán sin – Beart lena gcuirtear caidhp ar ioncam a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse roimh an tréimhse a fhoráiltear leis an Rialachán sin, faoi reachtaíocht náisiúnta arna glacadh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin – Prionsabail thosaíocht agus éifeachacht dhlí an Aontais – Prionsabal an chomhair dhílis)

I gCás C-633/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil, an Bheilg), trí bhreith an 18 Deireadh Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 23 Deireadh Fómhair 2023, sna himeachtaí

Electrabel SA,

Fédération Belge des Entreprises Électriques et Gazières ASBL,

Organisatie voor Duurzame Energie Vlaanderen ASBL,

Wind4Wallonia 2 SA,

Luminus SA,

EDF Belgium SA,

ActiVent Wallonie SCRL,

Eol'Wapi SA,

Lumiwind SC,

Luminus Wind Together SC

v

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

Commission de Régulation de l'Électricité et du Gaz (CREG),

idiragraí:

Stát na Beilge

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, M. Condinanzi agus N. Jääskinen, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha ana dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Electrabel SA, ag X. Taton, avocat, agus H. Vanhulle, advocaat,

– Fédération Belge des Entreprises Électriques agus Gazières ASBL, Organisatie voor Duurzame Energie Vlaanderen ASBL agus Wind4Wallonia 2 SA, ag D. Verhoeven, avocat,

– Luminus SA, EDF Belgium SA, ActiVent Wallonie SCRL, Eol'Wapi SA, Lumiwind SC agus Luminus Wind Together SC, ag D. Verhoeven, avocat,

– la Commission de Régulation de l'Électricité et du Gaz (CREG), ag G. Block, M. Vandersmissen agus K. Wauters, advocaten,

– Rialtas na Beilge, ag P. Cottin, M. Jacobs agus C. Pochet, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó K. Decroix agus B. Martel, advocaten,

– Rialtas na Gréige, ag K. Boskovits agus C. Kokkosi, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag O. Beynet agus T. Scharf, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 27 Feabhra 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagail 6 go 8 agus 22 de Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh (IO 2022 L 261 I, lch. 1), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(5) agus (9) den Rialachán sin, Airteagal 6 CAE, Airteagal 288 CFAE agus prionsabail na comhréireachta, na tosaíochta, na héifeachtachta agus an chomhair dhílis.

2 Rinneadh an iarraidh seo i dtrí sraith imeachtaí idir, ar an gcéad dul síos, Electrabel SA, ar an dara dul síos, Fédération Belge des Entreprises Électriques et Gazières ASBL, Organizatie voor Duurzame Energie Vlaanderen ASBL agus Wind4Wallonia 2 SA (le chéile, 'FEBEG agus páirtithe eile'), agus, ar an tríú dul síos, Luminus SA, EDF Belgium SA, ActiVent Wallonie SCRL, Eol'Wapi SA, Lumiwind SC agus Luminus Wind Together SC (le chéile, 'Luminus agus páirtithe eile') (le chéile, 'na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí') i gcoinne Commission de Régulation de l'Électricité et du Gaz (CREG) (an Bheilg) maidir le dlíthiúlacht Chinneadh an 28 Feabhra 2023 ó CREG, a bhaineann le samhail an dearbhaithe atá le cur isteach ag féichiúnaithe an tobhaigh a tugadh isteach i gcomhthéacs na caidhpe ar ioncam margaidh na dtáirgeoirí leictreachais ('Cinneadh an 28 Feabhra 2023').

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

CAE

3 Foráiltear le hAirteagal 4(3) CAE mar a leanas:

'De bhua phrionsabal an chomhair dhílis, beidh an tAontas [Eorpach] agus na Ballstáit de chúnamh ag a chéile, agus lánurraim fhrithpháirteach á tabhairt acu dá chéile, i dtaca le cúraimí a chineann ó na Conarthaí a chur i gcrích.

Glacfaidh na Ballstáit gach beart ginearálta nó leithleach is iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a thig ó na Conarthaí nó de dhroim gníomhartha de chuid institiúidí an Aontais.

Éascóidh na Ballstáit gnóthú chúraimí an Aontais agus staonfaidh siad ó aon bheart a d'fhéadfadh gnóthú chuspóirí an Aontais a chur i gcontúirt.'

4 Foráiltear le hAirteagal 6 CAE mar a leanas:

'1. Aithníonn an tAontas na cearta, na saoirsí agus na prionsabail atá leagtha amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ["an Chairt"], a mbeidh an stádas dlí céanna leis na Conarthaí aici.

Ní dhéanfaidh forálacha na Cairte inniúlachtaí an Aontais, mar atá siad sainithe sna Conarthaí, a leathnú in aon slí.

Forléireofar na cearta, na saoirsí agus na prionsabail atá leagtha amach sa Chairt i gcomhréir le forálacha ginearálta Theideal VII den Chairt a bhfuil léiriú agus cur i bhfeidhm na Cairte faoina rialú agus aird chuí á tabhairt ar na míniúcháin dá dtagraítear sa Chairt agus lena sonraítear foinsí na bhforálacha sin.

2. Aontóidh an tAontas don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Ní dhéanfaidh an t–aontachas sin difear d'inniúlachtaí an Aontais mar atá siad sainithe sna Conarthaí.

3. Is prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais a bheidh sna cearta bunúsacha mar atá siad ráthaithe leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus mar a thig siad as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit.'

CFAE

5 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht sa dara mír d'Airteagal 288 CFAE:

'Beidh feidhm ghinearálta ag rialachán. Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.'

Rialachán 2022/1854

6 Foráiltear le haithrisí 1, 5, 28, 30 agus 37 de Rialachán 2022/1854 mar a leanas:

'(1) Tá praghsanna an-ard sna margaí leictreachais ó bhí mí Mheán Fómhair 2021 ann. [...] I ngeall ar an ngéarú atá tagtha ar chogadh foghach [Chónaidhm] na Rúise i gcoinne na hÚcráine, [...], ó bhí mí Feabhra 2022 ann tá laghdú mór tagtha ar sholáthairtí gáis. Tá cogadh foghach [Chónaidhm] na Rúise i gcoinne na hÚcráine ina chúis le héiginnteacht maidir le soláthar tráchtearraí eile freisin [...] ar tráchtearraí iad a úsáideann suiteálacha giniúna cumhachta. Mar thoradh air sin, tá méaduithe móra breise tagtha ar phraghas leictreachais, mar aon le luaineacht sa phraghas sin.

[...]

(5) Tá tionchar diúltach ag an ngéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair ar na Ballstáit uile, cé nach ionann an tionchar sin. [...]

[...]

(28) [...] tá an méadú foircneach agus marthanach ar phraghsanna atá le feiceáil ó bhí mí Feabhra 2022 ann an-éagsúil ó ghnáthstaid mhargaidh ina mbíonn buaicphraghsanna ó am go chéile. [...]

[...]

(30) Ba cheart an chaidhp ar ioncaim mhargaidh a shocrú ar ioncaim mhargaidh seachas ar ioncam giniúna iomlán [...], chun tionchar mór a sheachaint ar bhrabúsacht ionchasach tosaigh tionscadail Gan beann ar an bhfoirm chonarthach ina bhféadfar trádáil leictreachais a dhéanamh, ba cheart feidhm a bheith ag an gcaidhp ar ioncaim mhargaidh maidir le hioncam margaidh réadaithe amháin. Tá gá leis an méid sin chun nach ndéanfar díobháil do tháirgeoirí nach mbaineann tairbhe iarbhír as na praghsanna arda leictreachais atá ann faoi láthair toisc go bhfuil a n-ioncam fálaithe acu i gcoinne luaineachtaí sa mhargadh mórdhíola leictreachais. Dá bhrí sin, a mhéid a eascraíonn ioncam margaidh ó tháirgeadh leictreachais suas le leibhéal na caidhpe ar ioncam margaidh as oibleagáidí conarthacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo, [...] níor cheart an Rialachán seo difear a dhéanamh don ioncam sin. [...]

[...]

(37) Chun forfheidhmiú éifeachtach na caidhpe ar ioncaim mhargaidh a áirithiú, ba cheart do na táirgeoirí, na hidirghabhálaithe agus na rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh na sonraí is gá a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, d'oibreoirí córais agus d'oibreoirí ainmnithe sa mhargadh leictreachais. I bhfianaise líon mór na n-idirbheart aonair nach mór d'údaráis inniúla na mBallstát forfheidhmiú na caidhpe ar ioncam margaidh a áirithiú ina leith, ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis sin meastacháin réasúnacha a úsáid chun an chaidhp ar ioncam margaidh a ríomh.'

7 Foráiltear le hAirteagal 1 den Rialachán sin, dar teideal 'Ábhar agus raon feidhme', mar a leanas:

'Leis an Rialachán seo bunaítear idirghabháil éigeandála chun maolú a dhéanamh ar éifeachtaí praghsanna arda fuinnimh trí bhearta atá eisceachtúla, spriocdhírithe agus lena mbaineann teorainn ama. Is é is cuspóir do na bearta sin laghdú a chur ar thomhaltas leictreachais, caidhp a thabhairt isteach ar ioncaim mhargaidh a fhaigheann táirgeoirí áirithe ó ghiniúint leictreachais agus iad a athdháileadh ar chustaiméirí deiridh leictreachais ar bhealach spriocdhírithe [...]'

8 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 2 den Rialachán sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha an Rialacháin seo, [...] tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

5) ciallaíonn "ioncam margaidh" ioncam réadaithe a fhaigheann táirgeoir mar mhalairt ar leictreachas a dhíol agus a sheachadadh san Aontas, gan beann ar an bhfoirm chonarthach ina dtarlaíonn malairt den sórt sin, lena n-áirítear comhaontaithe ceannaigh cumhachta agus oibríochtaí fálaithe eile in aghaidh luaineachtaí i margadh mórdhíola an leictreachais agus gan aon tacaíocht arna deonú ag na Ballstáit san áireamh;

[...]

9) ciallaíonn "barrachas ioncaim" difríocht dhearfach idir ioncaim mhargaidh na dtáirgeoirí in aghaidh gach [meigeavatuair (MWh)] leictreachais agus an chaidhp EUR 180 ar ioncam margaidh in aghaidh gach MWh leictreachais dá bhforáiltear in Airteagal 6(1);

[...]'

9 Foráiltear le hAirteagal 6 den Rialachán sin, dar teideal 'Caidhp shainordaitheach ar ioncaim mhargaidh', mar a leanas:

'1. Maidir leis na hioncaim mhargaidh de chuid táirgeoirí a fhaightear ó ghiniúint leictreachais ó na foinsí dá dtagraítear in Airteagal 7(1), cuirfear caidhp orthu ar leibhéal uasta EUR 180 in aghaidh gach MWh a tháirgtear.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go spriocdhírítear leis an gcaidhp ar ioncam margaidh ar ioncam margaidh go léir de chuid táirgeoirí agus, i gcás inarb ábhartha, idirghabhálaithe atá rannpháirteach i margaí mórdhíola leictreachais thar ceann táirgeoirí, gan beann ar chreat ama an mhargaidh ar lena linn a tharlaíonn an t-idirbheart agus ar cé acu a thrádáiltear an leictreachais go déthaobhach nó i margadh láraithe.

3. Cuirfidh na Ballstáit bearta éifeachtacha i bhfeidhm chun imchéimniú na n-oibleagáidí ar tháirgeoirí de bhun mhír 2 a chosc. Áiritheoidh siad go háirithe go gcuirfear an chaidhp ar ioncam margaidh i bhfeidhm go héifeachtach i gcásanna ina bhfuil táirgeoirí á rialú, nó faoi úinéireacht pháirteach, ag gnóthais eile, go háirithe i gcás inar cuid de ghnóthas atá comhtháite go hingearach iad.

4. Cinnfidh na Ballstáit cé acu a chuirfear i bhfeidhm an chaidhp ar ioncam margaidh tráth socraithe na malairte fuinnimh nó dá éis sin.

5. Cuirfidh an Coimisiún [Eorpach] treoir ar fáil do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo.'

10 Foráiltear le hAirteagal 7 de Rialachán 2022/1854, dar teideal 'An chaidhp ar na hioncaim mhargaidh a chur i bhfeidhm maidir le táirgeoirí leictreachais', mar a leanas:

'1. Beidh feidhm ag an gcaidhp ar ioncam margaidh dá bhforáiltear in Airteagal 6 maidir leis an ioncam margaidh a fhaightear ó dhíol leictreachais a tháirgtear ó na foinsí seo a leanas:

(a) fuinneamh gaoithe;

(b) grianfhuinneamh (grianfhuinneamh teirmeach agus grianfhuinneamh fótavoltach);

(c) fuinneamh geoiteirmeach;

(d) hidreachumhacht gan taiscumar;

(e) breosla bithmhaise (breoslaí bithmhaise soladacha nó gásacha), seachas bith-mheatán;

(f) dramhaíl;

(g) fuinneamh núicléach;

(h) lignít;

(i) táirgí peitriliam amh;

(j) móin.

2. Ní bheidh feidhm ag an gcaidhp ar ioncam margaidh dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) maidir le tionscadail taispeántais ná maidir le táirgeoirí a bhfuil caidhp cheana, mar thoradh ar bhearta Stáit nó poiblí nár glacadh faoi Airteagal 8, ar a n-ioncaim in aghaidh gach MWh leictreachais a tháirgtear.

3. Féadfaidh na Ballstáit, go háirithe i gcásanna ina leanann ualach suntasach riaracháin de chur i bhfeidhm na caidhpe ar ioncam margaidh dá bhforáiltear in Airteagal 6(1), a chinneadh nach bhfuil feidhm ag an gcaidhp ar ioncam margaidh maidir le táirgeoirí a ghineann leictreachas le háiseanna giniúna cumhachta ina bhfuil toilleadh suiteáilte suas le 1 MW. [...]

[...]

6. Soláthróidh táirgeoirí, idirghabhálaithe agus rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh, mar aon le hoibreoirí córais, i gcás inarb ábhartha, d'údaráis inniúla na mBallstát, agus i gcás inarb ábhartha, do na hoibreoirí córais agus na hoibreoirí margaidh leictreachais ainmnithe, na sonraí uile is gá chun Airteagal 6 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear maidir leis an leictreachas a tháirgtear agus an t-ioncam gaolmhar sa mhargadh, gan beann ar chreat ama an mhargaidh ina ndéantar an t-idirbheart ná ar cé acu a dhéantar an leictreachas a thrádáil go déthaobhach, laistigh den ghnóthas céanna nó i margadh láraithe.'

11 Foráiltear le hAirteagal 8 den Rialachán sin, dar teideal 'Bearta náisiúnta géarchéime', mar a leanas:

'1. Féadfaidh na Ballstáit:

(a) bearta a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach lena gcuirtear teorainn bhreise le hioncam margaidh na dtáirgeoirí a ghineann leictreachas ó na foinsí a liostaítear in Airteagal 7(1), lena n-áirítear an fhéidearthacht idirdhealú a dhéanamh idir teicneolaíochtaí, mar aon le hioncam margaidh rannpháirtithe eile sa mhargadh, lena n-áirítear iad siúd atá gníomhach i dtrádáil leictreachais;

[...]

(c) bearta náisiúnta a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach chun ioncam margaidh táirgeoirí a ghineann leictreachas ó fhoinsí nach dtagraítear dóibh in Airteagal 7(1) a theorannú;

[...]

2. Maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 1, i gcomhréir leis an Rialachán seo:

(a) beidh siad comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach;

(b) ní chuirfear comharthaí infheistíochta i mbaol leo;

(c) áireofar leo go gcumhdófar na costais infheistíochta agus oibriúcháin;

(d) ní dhéanfaidh siad feidhmiú na margaí mórdhíola leictreachais a shaobhadh, agus go háirithe, ní dhéanfaidh siad difear don ordú fiúntais ná do shocrú na bpraghsanna ar an margadh mórdhíola;

(e) beidh siad ag luí le dlí an Aontais.'

12 Foráiltear le hAirteagal 22 den Rialachán sin, dar teideal 'Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm', mar a leanas:

'1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Gan dochar don oibleagáid atá ann dáileadh an bharrachais ioncaim a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 10, agus fáltais ón ranníocaíocht dlúthpháirtíochta shealadach a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 17, agus gan dochar don oibleagáid tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal [20](2), beidh feidhm ag an Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2023 faoi réir an mhéid seo a leanas:

[...]

(c) Beidh feidhm ag Airteagail 6, 7 agus 8 ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023;

[...]'

Dlí na Beilge

An Dlí Leictreachais

13 Foráiltear le hAirteagal 22b den Dlí a bhaineann le heagrú an mhargaidh leictreachais an 29 Aibreán 1999 (*Moniteur belge* an 11 Bealtaine 1999, lch. 16264), arna leasú leis an Dlí lena leasaítear an Dlí a bhaineann le heagrú an mhargaidh leictreachais agus lena dtugtar isteach caidhp ar ioncam margaidh na dtáirgeoirí leictreachais an 16 Nollaig 2022 (*Moniteur belge* an 22 Nollaig 2022, lch. 98819), is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí ('an Dlí Leictreachais') mar a leanas:

'1. Leis an Airteagal seo, bunaítear caidhp ar ioncam margaidh na dtáirgeoirí leictreachais, trí thobhach chun tairbhe an Stáit ar bharrachas ioncaim arna réadú idir an 1 Lúnasa 2022 agus an 30 Meitheamh 2023 ag na féichiúnaithe dá dtagraítear i mír 2.

2. Beidh an tobhach iníoctha ag:

1° aon duine nádúrtha nó dlítheanach a rinne, le linn na tréimhse dá dtagraítear i mír 1, leictreachas a instealladh sa chóras tarchurtha, i gcóras a bhfuil feidhm tarchurtha aige, i gcóras dáileacháin (iata), i gcóras tionsclaíoch iata, i gcóras tarraingthe iarnróid nó i líne dhíreach, trí shuiteáil giniúna leictreachais atá lonnaithe sa Bheilg a chumhdaítear le ceann amháin de na teicneolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 7[(1)] de Rialachán [2022/1854], ag a bhfuil toilleadh suiteáilte íosta 1 MW;

2° aon oibreoir núicléach [...];

3° aon chuideachta ranníocach [...];

4° aon úinéir gléasra cumhachta núicléiche dá dtagraítear in Airteagal 4/1 de Dhlí an 31 Eanáir 2003 maidir le deireadh a chur le fuinneamh núicléach de réir a chéile chun críche táirgeadh leictreachais tionsclaíoch [*Moniteur belge* an 28 Feabhra 2003, lch. 9879].

De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh an tobhach iníoctha ag pobail fuinnimh saoránach agus ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite, nó ag comhphobail choibhéiseacha dá dtagraítear i reachtaíocht réigiúnach, ar choinníoll go n-aistrítear an barrachas ioncaim go díreach chuig tomhaltóirí ar baill de na comhphobail sin iad.

3. Is ionann an tobhach is iníoctha ag an bhféichiúnaí dá dtagraítear i mír 2 agus 100 % den bharrachas ioncaim.

Léireofar leis an mbarrachas ioncaim an difríocht dhearfach idir na hioncaim mhargaidh agus an chaidhp ar ioncaim mhargaidh mar a shocraítear i gcomhréir le mír 4, arna ríomh le haghaidh gach idirbhirt díolacháin leictreachais in MWh a sheachadtar le linn na tréimhse dá dtagraítear i mír 1, agus in aghaidh na suiteála giniúna leictreachais atá lonnaithe sa Bheilg a thagann faoi cheann amháin de na teicneolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 7[(1)] de Rialachán [2022/1854], ag a bhfuil toilleadh suiteáilte íosta 1 MW.

Measfar go bhfuil an barrachas ioncaim nialasach i gcás inar gineadh an leictreachas a díoladh ar an margadh ag suiteáil giniúna leictreachais atá faoi réir sásra tacaíochta táirge faoina gcuireann údarás inniúil caidhp ar ioncam margaidh.

4. Is é EUR 130 in aghaidh gach MWh leictreachais an chaidhp ar ioncaim mhargaidh.

[...]

5. Is é ioncam margaidh ioncam arna réadú, i leith gach idirbhirt, ag féichiúnaí dá dtagraítear i mír 2 mar mhalairt ar leictreachas a dhíol agus a sheachadadh le linn na tréimhse dá dtagraítear i mír 1, gan beann ar an bhfoirm chonarthach ina dtarlaíonn malairt den sórt sin, lena n-áirítear comhaontaithe ceannaigh cumhachta agus oibríochtaí fálaithe eile in aghaidh luaineachtaí i margadh mórdhíola an leictreachais agus gan aon tacaíocht nó fóirdheontas arna deonú ag údarás poiblí san áireamh;

Chun críocha an t-ioncam margaidh dá dtagraítear i mír 1 a chinneadh, beidh feidhm ag na toimhdí seo a leanas:

1° maidir leis na gléasraí cumhachta núicléiche dá dtagraítear i nDlí an 11 Aibreán 2003 maidir leis an ranníocaíocht dáileacháin [*Moniteur belge* an 15 Iúil 2003, lch. 37954], déanfar ioncam margaidh a ríomh in aghaidh na suiteála i gcomhréir le Roinn 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Dlí an 11 Aibreán 2003 maidir leis an ranníocaíocht dáileacháin, arna leasú le Dlí an 25 Nollaig 2016 lena leasaítear Dlí an 11 Aibreán 2003 maidir leis na forálacha chun gléasraí cumhachta núicléiche a dhíchóimeáil agus chun ábhair inscoilte ionradaithe sna gléasraí cumhachta sin a bhainistiú agus le Dlí an 29 Aibreán 1999 maidir le heagrú an mhargaidh leictreachais [*Moniteur belge* an 29 Nollaig 2016, lch. 90988], ar an tuiscint seo a leanas:
   a) measfar gur trádáladh méid an leictreachais a díoladh ar aghaidh le haghaidh gach lae ar fhoilsigh clár trádála bloc fuinnimh dá dtagraítear i Roinn 3 thuas luachan laethúil maidir le táirge *baseload* féilire;
   b) measfar gur trádáladh méid an leictreachais a díoladh ar an margadh lá roimh ré le haghaidh gach thréimhse sheachadta uair an chloig do líon na n-uaireanta lena mbaineann.

2° maidir leis an ngléasra cumhachta núicléiche dá dtagraítear in Airteagal 4/1 de Dhlí an 31 Eanáir 2003 maidir le deireadh a chur le fuinneamh núicléach de réir a chéile chun críche táirgeadh leictreachais tionsclaíoch, déanfar ioncam margaidh a ríomh i gcomhréir le pointe 3 d'Airteagal 4/1(2) de Dhlí an 31 Eanáir 2003 maidir deireadh a chur le fuinneamh núicléach de réir a chéile chun críche táirgeadh leictreachais tionsclaíoch, ar an tuiscint seo a leanas:
   a) measfar gur trádáladh méid an leictreachais a díoladh ar aghaidh ar an gcéad lá oibre de gach mí ar fhoilsigh clár trádála bloc fuinnimh lena mbaineann luachan laethúil maidir le táirge *baseload* i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Airteagal 4/1 thuasluaite;

b) measfar gur trádáladh méid an leictreachais a díoladh ar an margadh lá roimh ré le haghaidh gach thréimhse sheachadta uair an chloig do líon na n-uaireanta lena mbaineann.

3° maidir leis na suiteálacha giniúna nach dtagraítear dóibh i bpointí 1 agus 2 agus a gcumhdaítear a dtáirgeadh le conradh ceannaigh cumhachta, déanfar ioncaim mhargaidh a ríomh i gcomhréir le téarmaí an chonartha sin, ar choinníoll go bhfreagraíonn téarmaí tráchtála an chonartha do choinníollacha margaidh réasúnta, ar an tuiscint seo a leanas:
a) measfar gur trádáladh méid an leictreachais a díoladh ar aghaidh in aghaidh an lae arna chur san áireamh leis an gconradh thuasluaite chun an praghas a chinneadh;
b) measfar gur trádáladh méid an leictreachais a díoladh ar an margadh lá roimh ré le haghaidh gach thréimhse sheachadta uair an chloig do líon na n-uaireanta lena mbaineann.

4° maidir leis na suiteálacha giniúna nach dtagraítear dóibh i bpointí 1, 2 agus 3 agus nach dtairbhíonn de shásra tacaíochta táirgeachta, nó a thairbhíonn de shásra tacaíochta táirgeachta nach mbraitheann a mhéid ar athruithe ar phraghas an leictreachais, nó a thairbhíonn de shásra tacaíochta táirgeachta a mbraitheann a mhéid ar athruithe ar phraghas an leictreachais thar thréimhse 3 bliana, déanfar ioncaim mhargaidh a ríomh agus an méid seo a leanas á mheas:
a) measfar go ndíoltar ar aghaidh an meán-táirgeadh bliantúil a bhfuiltear ag siúl lena dhíol i mbliain-1 ar bhonn táirge *baseload* bliantúil de réir straitéis díolacháin tríú páirtí i mbliain-3 (CAL+3), tríú páirtí i mbliain-2 (CAL+2) agus tríú páirtí i mbliain-1 (CAL+1) ar phraghsanna arna bhfoilsiú ag clár trádála bloc fuinnimh atá ag feidhmiú sa Bheilg. Measfar go bhfreagraíonn an meán-táirgeadh bliantúil sin a bhfuiltear ag súil lena dhíol i mbliain-1 do tháirgeadh bliantúil 2019 le haghaidh suiteálacha giniúna leictreachais a thagann faoi na teicneolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 7[(1)](a), (b), (d), (e) agus (f) de Rialachán [2022/1854]. Mura raibh an tsuiteáil giniúna leictreachais ag feidhmiú in 2019, cuirfidh an féichiúnaí an táirgeadh sin a bhfuiltear ag siúl leis i mbliain-1 in iúl. Maidir le suiteálacha giniúna leictreachais eile, measfar go bhfreagraíonn an meán-táirgeadh bliantúil sin a bhfuiltear ag súil lena dhíol i mbliain-1 do 85 % d'uas-toilleadh na suiteála giniúna leictreachais;
b) measfar an difríocht dhearfach idir méid an leictreachais a tháirgtear agus a dhíoltar in aghaidh an cheathrú uair agus méid an leictreachais dá dtagraítear in (a) mar bheith díolta ar phraghas tagartha an mhargaidh in aghaidh na huaire;
c) measfar gur trádáladh méid an leictreachais a díoladh ar aghaidh le haghaidh gach lae ar fhoilsigh clár trádála bloc fuinnimh atá ag feidhmiú sa Bheilg luachan laethúil maidir le táirge *baseload* féilire;
d) measfar gur trádáladh méid an leictreachais a díoladh ar an margadh lá roimh ré le haghaidh gach thréimhse sheachadta uair an chloig;

5° maidir le suiteálacha giniúna nach dtagraítear dóibh i bpointí 1, 2, 3 agus 4, déanfar ioncaim mhargaidh a ríomh agus an méid seo a leanas á mheas:
a) measfar go ndíoltar ar aghaidh an meán-táirgeadh bliantúil a bhfuiltear ag súil lena dhíol i mbliain-1 ar bhonn táirge *baseload* bliantúil i mbliain-1 (CAL+1) ar phraghsanna arna bhfoilsiú ag gclár trádála bloc fuinnimh atá ag feidhmiú sa Bheilg. Measfar go bhfreagraíonn an meán-táirgeadh bliantúil sin a bhfuiltear ag súil lena dhíol i mbliain-1 do tháirgeadh bliantúil 2019 le haghaidh suiteálacha giniúna leictreachais a thagann faoi na teicneolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 7[(1)](a), (b), (d), (e) agus (f) de Rialachán [2022/1854]. Mura raibh an tsuiteáil giniúna leictreachais ag feidhmiú in 2019, cuirfidh an féichiúnaí an táirgeadh sin a bhfuiltear ag súil leis i mbliain-1 in iúl. Maidir le suiteálacha

giniúna leictreachais eile, measfar go bhfreagraíonn an meán-táirgeadh bliantúil sin a bhfuiltear ag súil lena dhíol i mbliain-1 do 85 % d'uas-toilleadh na suiteála giniúna leictreachais;

b) measfar an difríocht dhearfach idir méid an leictreachais a tháirgtear agus a dhíoltar in aghaidh an cheathrú uair agus méid an leictreachais dá dtagraítear in (a) mar bheith díolta ar phraghas tagartha an mhargaidh in aghaidh na huaire;

c) measfar gur trádáladh méid an leictreachais a díoladh ar aghaidh le haghaidh gach lae ar ar fhoilsigh clár trádála bloc fuinnimh atá ag feidhmiú sa Bheilg, thar thréimhse bliana nó, i gcás ina mbeidh sásra tacaíochta de chuid na suiteála giniúna bunaithe ar athruithe ar phraghas an leictreachais thar thréimhse 6 mhí, thar thréimhse 6 mhí;

d) measfar gur trádáladh méid an leictreachais a díoladh ar an margadh lá roimh ré le haghaidh gach thréimhse sheachadta uair an chloig;

6° maidir leis na suiteálacha giniúna leictreachais dá dtagraítear i bpointí 3, 4 agus 5, féadfaidh an féichiúnaí dá dtagraítear i mír 2 cruthúnas a sholáthar go bhfuil ioncam margaidh atá éagsúil leis an ioncam dá dtagraítear i bpointí 3, 4 agus 5, ar choinníoll go soláthraíonn an féichiúnaí an cruthúnas sin dá suiteálacha giniúna ina iomláine, agus ar an tuiscint seo a leanas:

a) díolacháin agus ceannacháin leictreachais laistigh de ghnóthas atá comhtháite go hingearach nó idir gnóthais a bhfuil ceann amháin acu á rialú nó faoi úinéireacht pháirteach ag gnóthas eile go díreach nó go hindíreach, measfar iad a bheith tugtha i gcrích chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm ar bhonn praghas atá comhsheasmhach le praghas an mhargaidh ar lá an idirbhirt le haghaidh na tréimhse seachadta lena mbaineann an t-idirbheart, arna fhoilsiú ag clár trádála bloc fuinnimh atá ag feidhmiú sa Bheilg;

b) measfar aon mhéid leictreachais a tháirgtear agus a dhíoltar, ach nach bhfuil díolta ar aghaidh, a bheith díolta ar phraghas tagartha an mhargaidh;

c) is ionann gach réamhdhíolachán leictreachais agus idirbheart arna shainiú ag a dháta idirbhirt, a phraghas agus a mhéid;

d) measfar gur trádáladh méid an leictreachais a díoladh ar an margadh lá roimh ré le haghaidh gach thréimhse sheachadta uair an chloig.

Cé is moite den toimhde dá dtagraítear i bpointe 3, laghdófar an barrachas ioncaim leis na costais a bhaineann le méideanna ceannaigh leictreachais d'fhonn méideanna leictreachais a dhíoltar agus nach dtáirgtear le linn na tréimhse dá dtagraítear i mír 1 a sheachadadh i gcás ina bhfuil an táirgeadh iarbhír níos ísle ná an táirgeadh a dhíoltar ar aghaidh, suas leis an difríocht dhearfach idir praghas tagartha an mhargaidh agus an chaidhp ar bharrachas ioncaim dá dtagraítear i mír 4. Ní fhéadfaidh barrachas ioncam diúltach a bheith mar thoradh ar an laghdú sin agus ní fhéadfar na costais atá i gceist a thabhairt ar aghaidh ó thréimhse roimhe sin nó go tréimhse ina dhiaidh sin nó ní fhéadfar iad a aistriú idir suiteálacha giniúna.

6. Maidir leis an tobhach is iníoctha don tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022, agus an dá lá sin san áireamh, cuirfidh na féichiúnaithe dá dtagraítear i mír 2 dearbhú faoi bhráid [CREG] faoin 30 Aibreán 2023 ar a dhéanaí.

Maidir leis an tobhach is iníoctha [...] don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2023, agus an dá lá sin san áireamh, cuirfidh na féichiúnaithe dá dtagraítear i mír 2 dearbhú faoi bhráid [CREG] faoin 7 Meán Fómhair 2023 ar a dhéanaí.

Beidh na sonraí seo a leanas ar a laghad sa dearbhú:

1° sainaithint iomlán an fhéichiúnaí;

2° sainaithint iomlán gach ceann dá shuiteálacha giniúna [...] agus méid iomlán an leictreachais a instealladh le linn na tréimhse lena mbaineann ag an suiteáil giniúna leictreachais, mar aon le huas-toilleadh suiteáilte gach suiteála giniúna leictreachais, arna mbailíochtú ag an oibreoir córais nó ag na hoibreoirí córais lena mbaineann;

3° i gcás ina roinntear méid iomlán an leictreachais in aghaidh na suiteála giniúna leictreachais dá dtagraítear i bpointe 2 idir féichiúnaithe éagsúla, dáileadh mhéid an leictreachais lena mbaineann idir na féichiúnaithe lena mbaineann agus aon doiciméad lena bhfianaítear comhaontú na bhféichiúnaithe lena mbaineann maidir leis an dáileadh sin;

4° an phróifíl leictreachais a thairgtear agus a dhíoltar in aghaidh an cheathrú uair ag gach suiteáil giniúna, arna bailíochtú ag an oibreoir córais nó ag na hoibreoirí córais lena mbaineann;

5° i gcás inarb infheidhme, faisnéis maidir leis an gclár trádála bloc fuinnimh atá ag feidhmiú sa Bheilg a úsáidtear;

6° i gcás inarb infheidhme, an cruthúnas dá dtagraítear i bpointe 6 d'fhomhír 2 de mhír 5, lena ngabhann na doiciméid tacaíochta uile agus údar leis an straitéis díolacháin arna glacadh;

7° de mhaolú ar phointí 3 go 6, i gcás na ndaoine dlítheanacha dá dtagraítear i bhfomhír 2 de mhír 2, cruthúnas go n-aistrítear an barrachas ioncaim go díreach chuig tomhaltóirí. Ina éagmais sin, déanfar na daoine dlítheanacha sin na sonraí dá dtagraítear i bpointí 3 go 6 a chur isteach.

Cinnfidh [CREG] samhail an dearbhaithe agus formáid na ndoiciméad atá le cur isteach:

[...]'

Cinneadh an 28 Feabhra 2023

14 Ghlac CREG Cinneadh an 28 Feabhra 2023 de bhun an cheathrú fomhír d'Airteagal 22b(6) den Dlí Leictreachais. Leis an gcinneadh sin, cinntear samhail an dearbhaithe agus formáid na ndoiciméad atá le cur isteach ag féichiúnaithe an tobhaigh a bhunaítear le hAirteagal 22b(1) den Dlí sin.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuirtear le haghaidh réamhrialú

15 Is daoine dlítheanacha arna rialú ag an dlí príobháideach iad na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí ar táirgeoirí agus/nó soláthróirí leictreachais iad a ghintear ó fhoinsí fuinnimh a liostaítear in Airteagal 7(1) de Rialachán 2022/1854 agus a thagann faoi raon feidhme Chinneadh an 28 Feabhra 2023 ós rud é go bhfuil siad faoi réir an tobhaigh a bhunaítear le hAirteagal 22b(2) den Dlí Leictreachais, nó daoine dlítheanacha arna rialú ag an dlí príobháideach seachas táirgeoirí nó soláthróirí leictreachais, ach a thagann faoin raon feidhme sin freisin toisc go bhfuil siad faoi réir an tobhaigh sin, nó cónaidhmeanna gnóthas in earnáil an fhuinnimh a ghníomhaíonn chun leasa a gcomhaltaí.

16 An 29 Márta 2023, thug Electrabel, ar thaobh amháin, agus FEBEG agus páirtithe eile, ar an taobh eile, agus, an 30 Márta 2023, Luminus agus páirtithe eile, trí chaingean os comhair cour d'appel de Bruxelles (Cúirt an Mhargaidh) (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil, an Bheilg), an chúirt a rinne an tarchur, lena n-iarrtar go gcuirfí Cinneadh an 28 Feabhra 2023 ar neamhní. Rinne an chúirt sin na trí chaingean sin a uamadh i bhfianaise a gcosúlachtaí.

17 Mar thaca lena gcaingne, ardaíonn na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí, sa chéad áit, forais le neamhniú a bhaineann le cineál eisiach na dtoimhdí a bhunaítear le Cinneadh an 28 Feabhra 2023. Maíonn Electrabel, go bunúsach go sáraítear Airteagal 2(5) agus Airteagail 6 go 8 de Rialachán 2022/1854 leis an gcinneadh sin a mhéid a cheanglaítear air ioncam nár réadaíodh iarbhír a dhearbhú, cé go gceanglaítear leis an Rialachán sin an t-ioncam a fuarthas iarbhír a dhearbhú. Líomhnaíonn FEBEG agus páirtithe eile agus Luminus agus páirtithe eile sárú ar an Rialachán sin, go háirithe ar Airteagail 6 agus 7 de, Airteagal 288 CFAE agus prionsabail thosaíocht agus éifeachacht dhlí an Aontais a mhéid a cuirtear toimhdí dlíthiúla i bhfeidhm sa chinneadh sin chun an t-ioncam a gcuirtear an chaidhp a bhunaítear le hAirteagal 22b den Dlí Leictreachais i bhfeidhm ina leith a shuíomh. I ndáil leis sin, cuireann siad in iúl go bhfuil na toimhdí sin, ag brath ar an bhfoinse fuinnimh lena mbaineann, neamh-infhrisnéise nó infhrisnéise, ach, sa chás deireanach sin, nach féidir a fhrisnéis ach amháin faoi choinníollacha áirithe agus faoi réir úsáid toimhdí eile. Dar leo, ní fhoráiltear leis an Rialachán sin ach de chaidhp ar ioncam margaidh réadaithe, ionas gur cheart é go bhféadfar ioncam iarbhír a dhearbhú ar a laghad.

18 Dá bhrí sin, déanann na hiarratasóirí sna príomhimeachtaí gearán gur ghlac CREG, i gCinneadh an 28 Feabhra 2023, córas na sé thoimhde dá bhforáiltear i bpointí 1 go 6 den dara mír d'Airteagal 22b(5) den Dlí Leictreachais. Bheadh cánachas 100 % ar ioncam samhailteach mar thoradh ar chóras den sórt sin, atá bunaithe go heisiach ar thoimhdí, cé, de réir Rialachán 2022/1854, go mbeadh feidhm ag an gcaidhp maidir le 'hioncam margaidh', eadhon ioncam a fhaigheann táirgeoirí leictreachais iarbhír. Ina theannta sin, foráiltear leis an Rialachán sin go bhfuil feidhm ag an gcaidhp 'in aghaidh an idirbhirt', cé, de réir na dtoimhdí uile atá i gceist, go meastar gur díoladh leictreachas ar bhonn laethúil ar phraghas an leictreachais gach lá de na laethanta sin ar mhalartán leictreachais i gcás ina ndíoltar é ar aghaidh, agus díolachán amháin in aghaidh na huaire má dhíoltar é ar an margadh reatha. Bheadh sé d'éifeacht aige sin go n-eascródh tobhach má sháraítear an chaidhp ar lá nó uair na tréimhse, cé gur meánphraghas faoi bhun na caidhpe nó praghas socraithe níos ísle ná an chaidhp sin é an praghas a fhaightear iarbhír. Ní bheadh aon údar le córas atá bunaithe go heisiach ar thoimhdí a úsáid agus ba é is aidhm dó, i ndáiríre, na méideanna a thoibhítear a mhéadú.

19 Cuireann CREG agus Stát na Beilge i gcoinne na hargóinte sin, ag braith, *inter alia*, ar aithris 37 de Rialachán 2022/1854, ar dá réir a fhéadfaidh na Ballstáit meastacháin réasúnacha a úsáid chun an chaidhp ar ioncam margaidh a ríomh. Níor leagadh síos leis an Rialachán sin aon riail shonrach lena gceadaítear méid an bharrachais ioncaim a ríomh agus níor thug an Coimisiún aon treoir ina leith sin, contrártha leis an méid dá bhforáiltear in Airteagal 6(5) den Rialachán sin. Ní bheadh cáin ar ioncaim shamhailteacha mar thoradh ar úsáid na dtoimhdí dá bhforáiltear leis an Dlí Leictreachais, agus, thairis sin, d'fhéadfaí na deacrachtaí teicniúla a shárú a bhaineann le cinneadh beacht phraghas gach MWh leictreachais a dhíoltar agus a sheachadtar le linn thréimhse chur i bhfeidhm an tobhaigh. Ina theannta sin, tá údar le cineál neamh-infhrisnéise na dtoimhdí a leagtar amach i bpointí 1 agus 2 den dara fomhír d'Airteagal 22b(5) den Dlí Leictreachais, ós rud é go bhfuil an córas bunaithe ar straitéisí díolacháin a glacadh roimhe sin, i gcomhaontú le hoibreoirí na ngléasraí cumhachta núicléacha lena mbaineann.

20 Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl, mar réamhphointe, nach bhfuil aon tionchar ag an bhfíoras go n-eascraíonn na neamhdhleathachtaí as pointí 1 go 6 den dara fomhír d'Airteagal 22b(5) den Dlí Leictreachais ar a dlínse chun rialú a thabhairt ar dhlíthiúlacht Chinneadh an 28 Feabhra 2023. Maidir leis an tsubstaint, cinneann sí go bhfuil na toimhdí a bhunaítear leis na forálacha sin agus ar a bhfuil a shamhail chun ioncam a dhearbhú bunaithe ag an gcinneadh sin, arb í an chéim roimh chinneadh an tobhaigh is iníoctha ag gach féichiúnaí, bunaithe ar shraith toimhdí nach féidir leis an bhféichiúnaí éalú astu go hiomlán riamh, agus mar thoradh air sin nach mbeidh sé in ann a ioncam iarbhír a dhearbhú.

21 Sonraíonn an chúirt sin, i ndáil leis sin, nach meastar go bhfuil údar teicniúil leordhóthanach leis an sainmhíniú ar thoimhdí atá beartaithe chun straitéisí sonracha díolacháin gach teicneolaíochta nó sainiúlachta eile a léiriú, seachas cead a thabhairt d'fhéichiúnaithe a straitéisí díolacháin agus a n-ioncaim iarbhír a dhoiciméadú, ar a laghad nuair is féidir. Níl feidhm ag an gcaidhp a bhunaítear le Rialachán 2022/1854 agus, dá bhrí sin, le reachtas na Beilge, ach amháin maidir le leictreachas ó theicneolaíochtaí áirithe agus tá an córas dearbhaithe bunaithe ar inrianaitheacht sonraí áirithe le suiteáil ar leith. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh údar a thabhairt le toimhdí a úsáid le deacrachtaí teicniúla, ní thugtar údar le cineál neamh-infhrisnéise na dtoimhdí sin leo.

22 Ina theannta sin, leanann sé ó Airteagail 6 go 8 de Rialachán 2022/1854, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(5) agus (9) de, nach mór ríomh an bharrachais ioncaim a dhéanamh ar bhonn an ioncaim margaidh iarbhír a fhaigheann táirgeoirí. Deimhnítear é sin le scéim ghinearálta an chórais a cuireadh i bhfeidhm, lena n-éilítear, *prima facie*, tagairt a dhéanamh d'ioncam iarbhír a fuarthas. Thacófaí le haithris 30 den Rialachán sin leis an measúnú sin. Cé gur fíor go luaitear in aithris 37 den Rialachán sin gur cheart an deis a bheith ag na Ballstáit meastacháin réasúnacha a úsáid chun an chaidhp ar ioncam margaidh a ríomh, ní féidir leis an aithris sin, áfach, bac a chur ar fhorálacha an Rialacháin sin. Cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl freisin, thairis sin, nach bhfuil sí cinnte go n-údaraítear do na Ballstáit leis an bhféidearthacht cead a thabhairt do na Ballstáit úsáid a bhaint as meastacháin foráil a dhéanamh maidir le córas atá bunaithe ar thoimhdí neamh-infhrisnéise amháin nó ar thoimhdí atá infhrisnéise go páirteach ach ar chaoi a ligtear d'eilimintí arna réamhchinneadh go teoiriciúil ag an mBallstát fanacht, gan an t-ioncam a fhaightear iarbhír a chur san áireamh.

23 Sa dara háit, maidir leis an tréimhse a chumhdaítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, maíonn Electrabel agus FEBEG agus páirtithe eile, go bunúsach, a mhéid a leagtar síos le Cinneadh an 28 Feabhra 2023 samhail dearbhaithe don tréimhse ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2022, cé, de bhun Rialachán 2022/1854, go dtagann an chaidhp i bhfeidhm ar an 1 Nollaig 2022, go sáraítear leis an gcinneadh sin, *inter alia*, Airteagail 6 go 8, 20 agus 22 den Rialachán sin, Airteagal 288 CFAE, prionsabail thosaíocht agus éifeachacht dhlí an Aontais agus prionsabal an chomhair dhílis. Tugann siad faoi deara go bhforáiltear le togra ón gCoimisiún Eorpach an 14 Meán Fómhair 2022 le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh [COM (2022) 473 final], as ar eascair glacadh Rialachán 2022/1854, go bhféadfadh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm luath na caidhpe, ach nár coinníodh an fhéidearthacht sin sa leagan den Rialachán sin a glacadh ar deireadh. Thairis sin, ní údaraítear leis an Rialachán sin do na Ballstáit barrachas ioncaim a thobhach go cúlghabhálach.

24 Tugann CREG agus Stát na Beilge freagra, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, go bhféadfadh reachtas na Beilge gníomhú mar a rinne sé don tréimhse ón 1 Lúnasa go dtí an 30 Samhain 2022 faoina dhlínse chánach ghinearálta, ar an dara dul síos, go bhforáiltear le hAirteagal 8(1) de Rialachán 2022/1854, thairis sin, go bhféadfaidh na Ballstáit 'bearta a choinneáil ar bun nó a

thabhairt isteach lena gcuirtear teorainn bhreise le hioncam margaidh' agus, ar an tríú dul síos, go mínítear nach bhfuil gá le foráil den sórt sin leis an bhfíoras nach ndearnadh an fhéidearthacht maidir le cur i bhfeidhm luath deonach an rialacháin sin dá bhforáiltear sa togra le haghaidh rialachán dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo a atáirgeadh sa téacs a glacadh ar deireadh.

25 Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara nár thug reachtas na Beilge údar leis an gcúis ar shocraigh sé dáta theacht i bhfeidhm an tobhaigh atá i gceist ar dháta atá éagsúil leis an dáta a leagtar síos le Rialachán 2022/1854 agus nár chuir sé in iúl ach nach bhfuil an córas a cuireadh i bhfeidhm contrártha do phrionsabal na neamh-aisghníomhaíochta in ábhair chánach. Ní chuirtear in iúl le hobair ullmhúcháin an Dlí Leictreachais ach an oiread go bhfuil an tobhach atá i gceist hibrideach, eadhon beart náisiúnta atá neamhspleách ar dhlí an Aontais don tréimhse ón 1 Lúnasa 2022 go dtí an 30 Samhain 2022 agus cur chun feidhme Rialachán 2022/1854 don tréimhse ón 1 Nollaig 2022. I bhfianaise na dtosca sin, measann an chúirt sin go bhféadfadh Airteagal 22(2) den Rialachán sin, *prima facie*, bac a chur ar bhearta náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme an scéim dá bhforáiltear leis an Rialachán sin ó dháta níos luaithe ná an dáta a chuirtear in iúl san fhoráil sin, agus prionsabail na tosaíochta, na héifeachtachta agus an chomhair dhílis á gcur san áireamh. I ndáil leis sin, measann sí nach bhfuil Airteagal 8(1)(a) de Rialachán 2022/1854 soiléir maidir le cé acu a áirítear nó nach n-áirítear leis an rogha, a thugtar do na Ballstáit leis an bhforáil sin, bearta a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach lena gcuirtear teorainn bhreise le hioncam margaidh an rogha chun scéim maidir le caidhp a chur chun feidhme roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin.

26 Sna himthosca sin, chinn an cour d'appel de Bruxelles (an Chúirt Achomhairc, an Bhruiséil, an Bheilg), bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1) An gcaithfear Airteagail 6, 7 agus 8 de Rialachán 2022/1854 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(5) agus (9) [de], i bhfianaise a aithrisí ina iomláine agus i gcomhar go háirithe le hAirteagal 288 CFAE agus Airteagal 6 CAE, a léiriú sa chaoi go cuirtear cosc leo ar chur i bhfeidhm bearta náisiúnta, amhail na cinn in Airteagal 22b [den Dlí Leictreachais], go háirithe an dara fomhír de mhír 5 de, lena bhforáiltear nach mór an uasteorainn a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán [sin] a léiriú mar thobhach ar bharrachas ioncaim táirgeoirí cumhachta, ina mbunaítear nádúr barrachais an ioncaim i leith an uasteorainn ar ioncaim mhargaidh, i gcás roinnt gléasraí, ar bhonn toimhdí neamh-infhrisnéise lena ríomhtar fáltais theoiriciúla (féach pointí 1 agus 2 den dara fomhír d'Airteagail 22b(5) den [Dlí Leictreachais]), lena gcuirtear cosc ar féichiúnaithe an tobhaigh a dhearbhú agus a mheasúnú ar bhonn a n- ioncaim iarbhír?

2) An gcaithfear Airteagail 6, 7 agus 8 de Rialachán 2022/1854 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(5) agus (9) [de], i bhfianaise a aithrisí ina iomláine agus i gcomhar go háirithe le hAirteagal 288 CFAE agus Airteagal 6 CAE, agus i gcomhar le prionsabal na comhréireachta, a léiriú sa chaoi go cuirtear cosc leo ar chur i bhfeidhm bearta náisiúnta, amhail na cinn in Airteagal 22b [den Dlí Leictreachais], go háirithe an dara fomhír de mhír 5 de, lena bhforáiltear nach mór an uasteorainn a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán [sin] a léiriú mar thobhach ar bharrachas ioncaim táirgeoirí cumhachta ina mbunaítear nádúr barrachais an ioncaim i leith an uasteorainn ar ioncaim mhargaidh, i gcás roinnt gléasraí (féach pointí 3, 4, 5, agus 6 den dara fomhír d'Airteagail 22b(5)) ar bhonn toimhdí a chuirtear i láthair mar toimhdí infhrisnéise, ach ní fhéadtar a fhrisnéis ach amháin, ar an gcéad dul síos, trí údar cuí a thabhairt ar a n-ioncaim iarbhír dá suiteálacha go léir, lena n-áirítear a

suiteálacha nach dtagann faoi raon feidhme an rialacháin [sin], agus ar an dara dul síos, trí úsáid a bhaint as toimhdí áirithe, lena gcuirtear cosc ar féichiúnaithe an tobhaigh a dhearbhú agus a mheasúnú ar bhonn a n-ioncaim iarbhír?

3) An gcaithfear Airteagail 6, 7, 8 agus 22 de Rialachán 2022/1854 arna léamh i gcomhar le prionsabail thosaíocht agus éifeachacht dhlí an Aontais agus prionsabal an chomhair dhílis (Airteagal 4(3) CAE) agus go háirithe i gcomhar le hAirteagal 288 CFAE, i bhfianaise a aithrisí, a léiriú sa chaoi go cuirtear cosc leo ar chur i bhfeidhm bearta náisiúnta a rinneadh tar éis don Rialachán sin teacht i bhfeidhm, amhail Airteagal 22b(1) den [Dlí Leictreachais] arna chur isteach le Dlí an 16 Nollaig 2022, lena gcuirtear córas teorannaithe d'ioncaim mhargaidh de chuid tairgeoirí cumhachta ar fáil ó dháta a thagann roimh 1 Nollaig 2022, amhail an 1 Lúnasa 2022?'

Na himeachtaí os comhair na Cúirte

27 D'iarr an chúirt a rinne an tarchur go gcuirfí an tarchur seo le haghaidh réamhrialú faoi réir an nós imeachta brostaithe um réamhrialú dá bhforáiltear in Airteagal 105 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

28 Diúltaíodh don iarratas sin le hordú Uachtarán na Cúirte an 10 Eanáir 2024, *Electrabel agus páirtithe eile* (C-633/23, EU:C:2024:41).

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist agus an dara ceist

29 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar thaobh amháin, de réir fhoclaíocht na chéad cheiste agus an dara ceist, ar cheart iad a scrúdú le chéile, go bhfuil amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir leis an modh chun an ioncam margaidh a chinneadh a bhfuil feidhm ag an 'gcaidhpe dá bhforáiltear in Airteagal 6' de Rialachán 2022/1854 maidir leis. Leanann sé ón iarraidh ar réamhrialú, sa chás seo, go bhfuil an chaidhp ar ioncam margaidh, de bhun Airteagal 22b(4) den Dlí Leictreachais, socraithe ag EUR 130 in aghaidh gach MWh den leictreachas a tháirgtear, cé go bhforáiltear le hAirteagal 6(1) go bhfuil caidhp EUR 180 ar a mhéad ar ioncam margaidh dá dtagraítear san Airteagal sin in aghaidh gach MWh den leictreachas a tháirgtear. Mar sin féin, foráiltear le hAirteagal 8(1)(a) den Rialachán sin, go bunúsach, go bhféadfaidh na Ballstáit, *inter alia*, bearta a thabhairt isteach lena gcuirtear teorainn bhreise leis an ioncam sin.

30 Dá bhrí sin, ní mór a mheas nach é an chaidhp a leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí an chaidhp 'dá bhforáiltear in Airteagal 6' de Rialachán 2022/1854, ach caidhp náisiúnta a leagtar síos faoi Airteagal 8(1) den Rialachán sin.

31 Ar an taobh eile, cé go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, lena céad cheist agus a dara ceist, *inter alia*, léiriú ar Airteagal 6 CAE, ní mhíníonn sí cén fáth a bhfuil gá leis an léiriú sin chun na díospóidí sna príomhimeachtaí a réiteach. Níl aon chúis san iarraidh ar réamhrialú lena mínítear cén fáth a bhfuil amhras ar an gcúirt sin maidir leis an léiriú ar an Airteagal sin nó ní mhínítear an

nasc a bhunófaí idir an tAirteagal sin agus an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí. Dá réir sin, ní cosúil go bhfuil gá le léiriú ar Airteagal 6 CAE chun na díospóidí sin a réiteach.

32 I bhfianaise na mbreithnithe sin, ní mór a thuiscint, lena céad cheist agus lena dara ceist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagail 6 go 8 de Rialachán 2022/1854, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(5) agus (9) de, Airteagal 288 CFAE agus prionsabal na comhréireachta, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina gcinntear méid na n-ioncam a bhfuil feidhm ag caidhp ar ioncam margaidh dá bhforáiltear de bhun Airteagal 8 maidir leis, de réir na suiteálacha giniúna leictreachais lena mbaineann, ar bhonn toimhdí neamh-infhrisnéise nó ar bhonn toimhdí infhrisnéise, ach nach féidir a fhrisnéis ach amháin, ar thaobh amháin, trí údar a thabhairt leis na hioncaim iarbhír arna réadú ag suiteálacha uile an oibreora lena mbaineann agus, ar an taobh eile, trí thoimhdí eile.

33 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go bhforáiltear le hAirteagal 6(1) de Rialacháin 2022/1854, maidir leis na hioncaim mhargaidh de chuid táirgeoirí a fhaightear ó ghiniúint leictreachais ó na foinsí dá dtagraítear in Airteagal 7(1), go gcuirfear caidhp orthu ar leibhéal uasta EUR 180 in aghaidh gach MWh leictreachais a tháirgtear. Cuirtear in iúl le hAirteagal 6(2) go n-áiritheoidh na Ballstáit go spriocdhírítear leis an gcaidhp ar ioncam margaidh ar ioncam margaidh go léir de chuid táirgeoirí agus, i gcás inarb ábhartha, idirghabhálaithe atá rannpháirteach i margaí mórdhíola leictreachais thar ceann táirgeoirí, gan beann ar chreat ama an mhargaidh ar lena linn a tharlaíonn an t-idirbheart agus ar cé acu a thrádáiltear an leictreachas go déthaobhach nó i margadh láraithe. Ina theannta sin, foráiltear le mír 3 den Airteagal sin go gcuirfidh na Ballstáit bearta éifeachtacha i bhfeidhm chun cosc a chur ar dhul timpeall ar na hoibleagáidí atá ar tháirgeoirí faoi mhír 2 agus go n-áiritheoidh siad, go háirithe, go gcuirfear an chaidhp ar ioncam margaidh i bhfeidhm go héifeachtach i gcásanna ina bhfuil táirgeoirí á rialú, nó faoi úinéireacht pháirteach, ag gnóthais eile, go háirithe i gcás inar cuid de ghnóthas atá comhtháite go hingearach iad. Maidir le hAirteagal 6(4) de Rialachán 2022/1854, sonraítear go gcinnfidh na Ballstáit cé acu a chuirfear i bhfeidhm an chaidhp ar ioncam margaidh tráth socraithe na malairte fuinnimh nó dá éis sin.

34 Thairis sin, cé go bhforáiltear le hAirteagal 6(5) go dtabharfaidh an Coimisiún treoir do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme an Airteagail sin, tá comhthuiscint ann nár thug an institiúid aon treoir i ndáil leis sin.

35 Maidir le hAirteagal 7 de Rialachán 2022/1854, luaitear ann, i mír 1 de, go bhfuil feidhm ag an gcaidhp ar ioncam margaidh dá bhforáiltear in Airteagal 6 den Rialachán sin maidir le hioncam margaidh ó dhíol leictreachais a ghintear ó na foinsí fuinnimh a liostaítear san fhoráil sin. Sonraítear freisin, i mír 6 de, go soláthróidh táirgeoirí, idirghabhálaithe agus rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh, mar aon le hoibreoirí córais, i gcás inarb ábhartha, d'údaráis inniúla na mBallstát, agus i gcás inarb ábhartha, do na hoibreoirí córais agus na hoibreoirí margaidh leictreachais ainmnithe, na sonraí uile is gá chun Airteagal 6 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear maidir leis an leictreachas a ghintear agus an t-ioncam gaolmhar sa mhargadh, gan beann ar chreat ama an mhargaidh ina ndéantar an t-idirbheart ná ar cé acu a dhéantar an leictreachas a thrádáil go déthaobhach, laistigh den ghnóthas céanna nó i margadh láraithe.

36 Foráiltear le hAirteagal 8(1) de Rialachán 2022/1854, óna thaobh féin, go bhféadfaidh na Ballstáit bearta eile a ghlacadh, a liostaítear i bpointí (a) go (e) den mhír sin. Go háirithe, dar le pointe (a), féadfar bearta a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach lena gcuirtear teorainn bhreise le hioncam margaidh na dtáirgeoirí a ghineann leictreachas ó na foinsí a liostaítear in Airteagal 7(1)

den Rialachán sin, lena n-áirítear an fhéidearthacht idirdhealú a dhéanamh idir teicneolaíochtaí, mar aon le hioncam margaidh rannpháirtithe eile sa mhargadh. Sonraítear in Airteagal 8(2) go mbeidh na bearta dá dtagraítear i mír 1, i gcomhréir leis an Rialachán sin, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, nach gcuirfear comharthaí infheistíochta i mbaol leo, go n-áireofar leo go gcumhdófar na costais infheistíochta agus oibriúcháin, nach ndéanfaidh siad feidhmiú na margaí mórdhíola leictreachais a shaobhadh, agus go háirithe, ní dhéanfaidh siad difear don ordú fiúntais ná do shocrú na bpraghsanna ar an margadh mórdhíola, agus go mbeidh siad ag luí le dlí an Aontais.

37 Thairis sin, sonraítear in Airteagal 2(5) de Rialachán 2022/1854, chun críocha an Rialacháin sin, go gciallaíonn 'ioncam margaidh' ioncam réadaithe a fhaigheann táirgeoir mar mhalairt ar leictreachas a dhíol agus a sheachadadh san Aontas, gan beann ar an bhfoirm chonarthach ina dtarlaíonn malairt den sórt sin, lena n-áirítear comhaontaithe ceannaigh cumhachta agus oibríochtaí fálaithe eile in aghaidh luaineachtaí i margadh mórdhíola an leictreachais agus gan aon tacaíocht arna deonú ag na Ballstáit san áireamh. Cuirtear in iúl le hAirteagal 2(9) go gciallaíonn 'barrachas ioncaim' difríocht dhearfach idir ioncaim mhargaidh na dtáirgeoirí in aghaidh gach MWh leictreachais agus an chaidhp EUR 180 ar ioncam margaidh in aghaidh gach MWh leictreachais dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) den Rialachán sin.

38 Dá bhrí sin, ní mór a mheas, cé nach sonraítear in aon cheann d'fhorálacha ábhartha Rialachán 2022/1854 an mhodheolaíocht ar dá réir nach mór na hioncaim mhargaidh nach mór an beart lena gcuirtear caidhp ar ioncaim arna fhorchur leis an Rialachán sin a chur i bhfeidhm maidir leo a chinneadh, go leanann sé mar sin féin ó fhoclaíocht na bhforálacha sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara freisin, go bunúsach, i míreanna 38 agus 39 dá Thuairim, nach féidir an chaidhp sin a chur i bhfeidhm maidir le hioncaim theoiriciúla nach bhfreagraíonn do réaltacht an mhargaidh, ach nach mór é a chur i bhfeidhm maidir le méideanna a léiríonn an t-ioncam iarbhír a fhaigheann na hoibreoirí lena mbaineann.

39 Ina theannta sin, luaitear in aithris 30 den Rialachán sin gur cheart an chaidhp ar ioncaim mhargaidh a shocrú 'ar ioncaim mhargaidh seachas ar ioncam giniúna iomlán' agus, gan beann ar an bhfoirm chonarthach ina bhféadfar trádáil leictreachais a dhéanamh, ba cheart feidhm a bheith ag an gcaidhp ar ioncaim mhargaidh maidir le hioncaim mhargaidh 'réadaithe amháin'.

40 É sin ráite, ós rud é nach sonraítear in aon fhoráil de Rialachán 2022/1854 an modh chun na hioncaim mhargaidh nach mór an beart lena gcuirtear caidhp ar ioncaim a chur i bhfeidhm maidir leo a chinneadh, is faoi na Ballstáit atá sé iad a chinneadh. Mar sin féin, a mhéid a chuireann na Ballstáit an Rialachán sin chun feidhme agus, dá bhrí sin, dlí an Aontais, ní mór dóibh a gcumhachtaí a fheidhmiú i gcomhréir le dlí an Aontais agus, dá réir sin, sa chás seo, ar bhealach lena gcaomhnaítear, go háirithe, éifeachacht fhorálacha an Rialacháin sin (féach, de réir analaí, breithiúnais an 21 Nollaig 2023, *an Coimisiún* v *an Danmhairg (Uastréimhse pháirceála)*, C-167/22, EU:C:2023:1020, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 30 Aibreán 2025, *Alenopik*, C-745/23, EU:C:2025:294, mír 28).

41 Dá bhrí sin, tá sé fós le cinneadh an gceadaítear do na Ballstáit, i gcomhthéacs an fheidhmithe sin, toimhdí a úsáid chun méid na n-ioncam margaidh a ndéanann siad an beart lena gcuirtear caidhpe ar ioncaim arna fhorchur le Rialachán 2022/1854 a chur i bhfeidhm a chinneadh go beacht.

42 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, de réir aithris 37 den Rialachán sin, chun forfheidhmiú éifeachtach na caidhpe ar ioncaim mhargaidh a áirithiú, ba cheart do na táirgeoirí, na hidirghabhálaithe agus na rannpháirtithe ábhartha sa mhargadh na sonraí is gá a

sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát agus, i gcás inarb iomchuí, d'oibreoirí córais agus d'oibreoirí ainmnithe sa mhargadh leictreachais, ach, i bhfianaise líon mór na n-idirbheart aonair nach mór d'údaráis inniúla na mBallstát forfheidhmiú na caidhpe ar ioncam margaidh a áirithiú ina leith, ba cheart an deis a bheith ag na húdaráis sin 'measteacháin réasúnacha' a úsáid chun an chaidhp sin a ríomh.

43 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara freisin i mír 50 dá Thuairim, is measteachán ar luach ar leith é measteachán de bharr a chineáil agus ní fhreagraíonn sé i gcónaí do luach beacht. Dá réir sin, féadfar glacadh le haon difríocht idir an t-ioncam iarbhír agus an t-ioncam a mhuirearaítear gan gá go mbeadh úsáid toimhdí ar neamhréir le Rialachán 2022/1854, ar choinníoll go bhfuil an difríocht sin, a d'fhéadfadh, thairis sin, a bheith diúltach nó dearfach, fós réasúnta, eadhon measartha, agus go bhfuil na measteacháin arna nglacadh de bhun na dtoimhdí sin ionadaíoch ar réaltacht an mhargaidh le linn na tréimhse atá i gceist.

44 Ar an dara dul síos, mar is léir ó Airteagal 1 de, is é is cuspóir do Rialachán 2022/1854, *inter alia*, go mbunaítear idirghabháil éigeandála chun maolú a dhéanamh ar éifeachtaí praghsanna arda fuinnimh trí bhearta atá eisceachtúil, spriocdhírithe agus lena mbaineann teorainn ama, agus is é is cuspóir do na bearta, go háirithe, caidhp a thabhairt isteach ar ioncaim mhargaidh a fhaigheann táirgeoirí áirithe ó ghiniúint leictreachais agus iad a athdháileadh ar chustaiméirí deiridh leictreachais ar bhealach spriocdhírithe.

45 I gcomhthéacs éigeandáil den sórt sin agus i bhfianaise an chuspóra sin custaiméirí deiridh leictreachais a chosaint, d'fhéadfadh úsáid measteachán réasúnta, lena n-áirítear i bhfoirm toimhdí, chun bearta gearrthréimhse a chur chun feidhme go tapa a bheith ina modh iomchuí, nó riachtanach fiú, chun éifeachacht an bhirt lena gcuirtear caidhpe ar ioncaim arna fhorchur le Rialachán 2022/1854 a áirithiú agus, dá bhrí sin, an cuspóir sin a bhaint amach.

46 Ar an tríú dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir Airteagal 6(3) den Rialachán sin, go gceanglaítear ar na Ballstáit bearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun forfheidhmiú éifeachtach na caidhpe a áirithiú agus chun cosc a chur ar imchéimniú na caidhpe. I bhfianaise an mhéid a fhoráiltear le hAirteagal 6(2) agus Airteagal 7(6) den Rialachán sin, a bhfuil a bhfoclaíocht leagtha amach i míreanna 33 agus 35 faoi seach den bhreithiúnas seo, d'fhéadfadh sé gur gá a áirithiú go ndéanfar líon an-mhór sonraí a bhailiú agus a rialú. Dá bhrí sin, ceadaítear leis an imthoisc sin glacadh leis, ag brath ar imthosca sonracha an mhargaidh náisiúnta atá i gceist nó ar na deacrachtaí teicniúla a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an bhféidearthacht an t-ioncam nach mór a bheith faoi réir na caidhpe arna forchur leis an Rialachán sin a aonrú, go bhféadfadh sé gur ghá toimhdí a úsáid.

47 Aithníonn reachtas an Aontais ualach suntasach an ualaigh riaracháin a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chur i bhfeidhm na caidhpe sin, a mhéid a thugtar, le hAirteagal 7(3) de Rialachán 2022/1854, an rogha do na Ballstáit, *inter alia*, cinneadh a dhéanamh, go háirithe i gcás ina bhfuil ualach suntasach riaracháin i gceist le cur i bhfeidhm na caidhpe dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) den Rialachán sin, nach bhfuil feidhm ag an gcaidhp sin maidir le táirgeoirí a ghineann leictreachas le suiteálacha giniúna leictreachais a bhfuil toilleadh suiteáilte suas le 1 MW acu.

48 Leanann sé ó na tosca sin nach gcuirtear cosc le Rialachán 2022/1854 ar Bhallstát toimhdí a úsáid chun méid na n-ioncam margaidh nach mór a chur faoi réir na caidhpe arna fhorchur leis an Rialachán sin a chinneadh, ar choinníoll go bhfágann na toimhdí sin gur féidir measteacháin réasúnacha a fháil ar na hioncaim sin, atá ionadaíoch ar réaltacht an mhargaidh le linn na tréimhse atá i gceist.

49 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar thaobh amháin, nach bhfuil an fíoras gur roghnaigh Ballstát, i gcás inarb iomchuí, ar bhonn tosca idirdhealaitheacha oibiachtúla, toimhdí a chur i bhfeidhm a athraíonn de réir na n-oibreoirí, na suiteálacha nó na teicneolaíochta lena mbaineann, nó sraith toimhdí, de chineál a shuíonn nach gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, ar choinníoll, i gcás gach ceann de na catagóirí oibreoirí, suiteálacha nó teicneolaíochta a d'fhéadfadh a bheith i gceist, go gceadaítear leis an toimhde a cuireadh i bhfeidhm meastachán réasúnach a fháil ar an ioncam a bhaineann go sonrach leis an gcatagóir sin, agus go n-údaraítear go sainráite, thairis sin, an fhéidearthacht idirdhealú a dhéanamh idir teicneolaíochtaí le Rialachán 2022/1854, go háirithe Airteagal 8(1)(a) de. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh fiú úsáid toimhdí neamh-infhrisnéise an coinníoll sin a chomhlíonadh, go háirithe i gcás ina mbaineann na toimhdí sin le catagóir theoranta shonrach táirgeoirí a ndearnadh an t-ioncam, mar gheall ar a n-imthosca féin nó mar gheall ar imthosca sonracha an mhargaidh náisiúnta atá i gceist, a shocrú roimh ré i gcomhaontú leis na húdaráis phoiblí nó ina bhfuil sé teorannaithe leis an reachtaíocht náisiúnta, ionas nach féidir leis na táirgeoirí lena mbaineann imeacht uaidh go héasca.

50 Leanann sé freisin ó na cinntí sin nach féidir a mheas go bhfuil úsáid toimhdí den sórt sin, ós rud é go gcomhlíontar an coinníoll sin, contrártha do phrionsabal na comhréireachta. I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go gceanglaítear leis an bprionsabal sin, atá ar cheann de phrionsabail ghinearálta an dlí agus atá ina cheangal ar na Ballstáit a chomhlíonadh agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 40 den bhreithiúnas seo, go mbeidh na modhanna a úsáidfear iomchuí chun na cuspóirí dlisteanacha atá á saothrú leis an reachtaíocht atá i gceist a bhaint amach agus nach rachaidh siad thar a bhfuil riachtanach chun iad a bhaint amach (féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Feabhra 2008, *Netto Supermarkt*, C-271/06 , EU:C:2008:105, mír 19 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 8 Nollaig 2020, *an Ungáir* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-620/18, EU:C:2020:1001, mír 111).

51 I bhfianaise na héigeandála a bhaineann le beart lena gcuirtear caidhp ar ioncaim arna fhorchur le Rialachán 2022/1854 a chur i bhfeidhm, chun custaiméirí deiridh leictreachais a chosaint, agus i bhfianaise chineál eisceachtúil an bhirt sin agus go bhfuil sé teoranta ó thaobh ama de, is cosúil go bhfuil úsáid toimhdí, lena n-áirítear, de réir mar a bheidh, neamh-infhrisnéise, chun méid an ioncaim nach mór an beart sin a chur i bhfeidhm maidir leis a chinneadh go beacht, comhréireach, ar choinníoll, mar a luaitear i mír 48 den bhreithiúnas seo, go bhfágann na toimhdí sin gur féidir meastacháin réasúnacha a fháil ar an ioncam sin, atá ionadaíoch ar réaltacht an mhargaidh le linn na tréimhse atá i gceist.

52 Ós rud é go bhfuil an measúnú sonrach ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar an coinníoll sin toimhde ar leith de chineál fíorasach, tagann sé faoi inniúlacht na n-údarás náisiúnta, arna ngníomhú faoi rialú na gcúirteanna náisiúnta, an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo. Mar sin féin, i gcomhréir lena cásdlí, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, agus rialú á thabhairt ar tharchur chun réamhrialú, soiléiriú a thabhairt atá beartaithe chun treoir a thabhairt don chúirt sin maidir lena measúnú (féach, de réir analaí, breithiúnais an 21 Feabhra 2006, *Halifax agus páirtithe eile*, C-255/02, EU:C:2006:121, mír 77, agus an 11 Eanáir 2024, *Nárokuj*, C-755/22, EU:C:2024:10, mír 42).

53 Dá bhrí sin, chun críocha an mheasúnaithe sin, ní mór na tosca fíorasacha agus teicniúla uile a bhaineann ní hamháin le staid na n-oibreoirí agus na suiteálacha lena mbaineann, ach leis an margadh náisiúnta leictreachais freisin, a chur san áireamh. Dá bhrí sin, go háirithe, d'fhéadfadh méid na mbacainní ar shonraí a bhailiú agus a rialú a bheith ábhartha i ndáil leis sin, i bhfianaise na n-imthosca sonracha sin, lena bhféadfaí a chinneadh, laistigh de thréimhse ama atá

comhoiriúnach leis an éigeandáil a bhaineann le baint amach an chuspóra custaiméirí deiridh leictreachais a chosaint, ioncaim bheachta na suiteálacha nó na n-oibreoirí atá faoi réir na caidhpe atá i gceist, chomh maith le cé acu atá nó nach bhfuil na toimhdí arna mbunú beacht go leor chun róluacháil nó tearc-luacháil shuntasach ar na hioncaim arna ndéanamh ag na hoibreoirí lena mbaineann a sheachaint, agus cé acu atá nó nach bhfuil sásra ceartaitheach ann lena bhféadfaí, i gcás inarb iomchuí, oibreoirí nó údaráis náisiúnta an t-ioncam iarbhír a éileamh chun toradh na dtoimhdí sin a cheartú mura n-eascraíonn meastacháin réasúnacha astu, atá ionadaíoch ar réaltacht an mhargaidh le linn na tréimhse atá i gceist.

54 Ina theannta sin, i bhfianaise an mhéid a luaitear i mír 40 den bhreithiúnas seo, ní gá don Chúirt Bhreithiúnais rialú a thabhairt ar léiriú Airteagal 288 CFAE arna iarraidh ag an gcúirt a rinne an tarchur.

55 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist agus ar an dara ceist go bhfuil Airteagail 6 go 8 de Rialachán 2022/1854, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 2(5) agus (9) de, agus prionsabal na comhréireachta, le léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina gcinntear méid na n-ioncam a bhfuil feidhm ag caidhp ar ioncam margaidh dá bhforáiltear de bhun Airteagal 8 maidir leis, de réir na suiteálacha giniúna leictreachais lena mbaineann, ar bhonn toimhdí neamh-infhrisnéise nó ar bhonn toimhdí infhrisnéise, ach nach féidir a fhrisnéis ach amháin, ar thaobh amháin, trí údar a thabhairt leis na hioncaim iarbhír arna réadú ag suiteálacha uile an oibreora lena mbaineann agus, ar an taobh eile, trí thoimhdí eile, ar choinníoll go bhfágann na toimhdí sin gur féidir meastacháin réasúnacha a fháil ar na hioncaim sin, ar meastacháin iad atá ionadaíoch ar réaltacht an mhargaidh le linn na tréimhse atá i gceist.

An tríú ceist

56 Lena tríú ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagail 6 go 8 agus Airteagal 22(2)(c) de Rialachán 2022/1854, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 288 CFAE agus prionsabail thosaíocht agus éifeachacht dhlí an Aontais agus prionsabal an chomhair dhílis, le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta arna glacadh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin agus lena bhforáiltear do bheart lena gcuirtear caidhp ar ioncam margaidh a chur i bhfeidhm atá cosúil leis an mbeart arna fhorchur leis an Rialachán sin a chur i bhfeidhm, ach ar feadh tréimhse roimh an tréimhse a leagtar síos leis an Rialachán sin.

57 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir Airteagal 22(1) de Rialachán 2022/1854, gur tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, eadhon an 8 Deireadh Fómhair 2022. De réir Airteagal 22(2)(c) den Rialachán sin, bhí feidhm ag Airteagail 6, 7 agus 8 de ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023.

58 Ní léir ó aon fhoráil de Rialachán 2022/1854 go bhfuil feidhm ag an Rialachán sin maidir le beart lena gcuirtear caidhp ar ioncaim a bhunaítear leis an reachtaíocht náisiúnta ar feadh tréimhse roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin nó, *a fortiori*, nach mór don reachtaíocht sin na coinníollacha a leagtar síos leis an Rialachán sin a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara freisin i mír 59 dá Thuairim, in éagmais reachtaíocht an Aontais maidir leis sin, a bhfuil feidhm *ratione temporis* maidir leis, ní féidir a mheas go mbaintear an rogha de na Ballstáit a gcumhachtaí a fheidhmiú, sa chás seo trí bheart a ghlacadh lena gcuirtear caidhp ar ioncam margaidh atá cosúil leis an mbeart arna fhorchur le Rialachán 2022/1854 a

chur i bhfeidhm, ach a bhfuil raon feidhme ama aige atá éagsúil leis an raon feidhme dá bhforáiltear leis an Rialachán sin, nó nach bhféadfaí rogha den sórt sin a fheidhmiú ach amháin faoi réir údarú sainráite reachtóir an Aontais chuige sin.

59 Níl aon tionchar ag an bhfíoras gur glacadh reachtaíocht náisiúnta den sórt sin cé go raibh an Rialachán sin i bhfeidhm cheana féin i ndáil leis sin. Ní thugtar le fios le haon cheann d'fhorálacha den Rialachán sin go raibh sé beartaithe ag reachtas an Aontais, tríd an Rialachán sin a ghlacadh, an rogha sin a bhaint de na Ballstáit ná feidhmiú na rogha sin a chur faoi réir údarú den sórt sin. Os a choinne sin, mar is léir ó fhoclaíocht Airteagal 8(1) de Rialachán 2022/1854, bheartaigh reachtóir an Aontais go sainráite go bhféadfadh na Ballstáit bearta lena gcuirtear caidhp ar ioncam margaidh a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun atá níos déine ná an chaidhp dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) den Rialachán sin. Chuige sin freisin, cuirtear in iúl in aithris 1 den Rialachán sin go bhfuil praghsanna an-ard sna margaí leictreachais ó mhí Mheán Fómhair 2021 ann agus go bhfuil méaduithe móra breise tagtha ar phraghas leictreachais mar aon le luaineacht sa phraghas sin mar thoradh ar chogadh foghach Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ina theannta sin, thug reachtas an Aontais faoi deara, in aithris 5 den Rialachán sin, go raibh tionchar diúltach ag an ngéarchéim fuinnimh sin ar na Ballstáit uile, cé nach ionann an tionchar sin, agus is léir ó aithris 28 de go raibh méadú foircneach agus marthanach ar phraghsanna ó mhí Feabhra 2022.

60 Cuirtear in iúl leis na tosca sin go raibh láneolas aige ar chumas na mBallstát gníomhú laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí, i bhfianaise imthosca sonracha a margaí náisiúnta, gur chinn reachtas an Aontais gan an chaidhp ar ioncam margaidh a rialáil, ar leibhéal an Aontais, thar an raon feidhme ama dá bhforáiltear i Rialachán 2022/1854, nó, *a fortiori*, a n-inniúlacht chun an t-ábhar sin a rialáil a bhaint de na Ballstáit ar feadh tréimhse roimh an tréimhse chur i bhfeidhm a leagtar síos sa Rialachán sin.

61 I ndáil leis sin, is fíor, mar a cuireadh in iúl cheana i mír 40 den bhreithiúnas seo, nach mór do na Ballstáit a gcumhachtaí a fheidhmiú i gcomhréir le dlí an Aontais. Mar sin féin, sa chás seo, cé is moite de na ceisteanna a leag an chúirt a rinne an tarchur amach ina céad cheist agus ina dara ceist, ní léir ón iarraidh ar réamhrialú go bhfuil amhras ar an gcúirt sin maidir le comhoiriúnacht shubstainteach na reachtaíochta náisiúnta is cúis leis na díospóidí sna príomhimeachtaí le forálacha eile de dhlí an Aontais a d'fhéadfadh, óna taobh féin de, a bheith infheidhme *ratione temporis*.

62 Sa chás seo, ní fhéadfaí údar a thabhairt le hAirteagal 288 CFAE nó prionsabail thosaíocht agus éifeachacht dhlí an Aontais nó prionsabal an chomhair dhílis le measúnú difriúil.

63 Ar thaobh amháin, ní féidir le hAirteagal 288 CFAE nó prionsabail thosaíocht agus éifeachacht dhlí an Aontais raon feidhme rialacháin arna chinneadh ag reachtas an Aontais a athrú.

64 Ar an taobh eile, is fíor, de bhun phrionsabal an chomhair dhílis, a leagtar síos in Airteagal 4(3) CAE, go staonann gach Ballstát, go háirithe, ó gach beart lena bhféadfaí baint amach chuspóirí an Aontais a chur i mbaol. Mar sin féin, i bhfianaise, go háirithe, an mhéid a luaitear i mír 60 den bhreithiúnas seo agus ós rud é gur gá go saothraítear le beart lena gcuirtear caidhp ar ioncaim a chur i bhfeidhm atá cosúil leis an gceann dá bhforáiltear le Rialachán 2022/1854, mar gheall ar a chineál féin, cuspóirí atá comhoiriúnach le cuspóirí an Rialacháin sin, ní féidir a mheas, trí bheart den sórt sin a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta sula bhforchuirtear é ar leibhéal an Aontais, go sáródh Ballstát an prionsabal sin.

65 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an tríú ceist ná go bhfuil Airteagail 6 go 8 agus Airteagal 22(2)(c) de Rialachán 2022/1854, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 288 CFAE agus prionsabail thosaíocht agus éifeachacht dhlí an Aontais agus prionsabal an chomhair dhílis, le léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta arna glacadh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin agus lena bhforáiltear do bheart lena gcuirtear caidhp ar ioncam margaidh a chur i bhfeidhm atá cosúil leis an mbeart arna fhorchur leis an Rialachán sin a chur i bhfeidhm, ach ar feadh tréimhse roimh an tréimhse a leagtar síos leis an Rialachán sin.

Costais

66 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagail 6 go 8 de Rialachán (AE) 2022/1854 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, arna léamh i gcomhar le hAirteagail 2(5) agus 9 de agus prionsabal na comhréireachta,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina gcinntear méid na n-ioncam a bhfuil feidhm ag caidhp ar ioncam margaidh dá bhforáiltear de bhun Airteagal 8 maidir leis, de réir na suiteálacha giniúna leictreachais lena mbaineann, ar bhonn toimhdí neamh-infhrisnéise nó ar bhonn toimhdí infhrisnéise, ach nach féidir a fhrisnéis ach amháin, ar thaobh amháin, trí údar a thabhairt leis na hioncaim iarbhír arna réadú ag suiteálacha uile an oibreora lena mbaineann agus, ar an taobh eile, trí thoimhdí eile, ar choinníoll go bhfágann na toimhdí sin gur féidir meastacháin réasúnacha a fháil ar na hioncaim sin, ar meastacháin iad atá ionadaíoch ar réaltacht an mhargaidh le linn na tréimhse atá i gceist.

2. **Maidir le hAirteagail 6 go 8 agus Airteagal 22(2)(c) de Rialachán 2022/1854, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 288 CFAE agus prionsabail thosaíocht agus éifeachacht dlí an Aontais agus prionsabal an chomhair dhílis,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta arna glacadh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin agus lena bhforáiltear do bheart lena gcuirtear caidhp ar ioncam margaidh a chur i bhfeidhm atá cosúil leis an mbeart arna fhorchur leis an Rialachán sin a chur i bhfeidhm, ach ar feadh tréimhse roimh an tréimhse a leagtar síos leis an Rialachán sin.

Sínithe